Gaelscoil Naomh Pádraig

Polasaí Frith-Bhulaíochta

An Clár:

1. Ráiteas Tosaigh
2. Réasúnaíocht
3. Gaolmhaireacht le hÉiteas Sainiúil na Scoile
4. Aidhmeanna an Polasaí
5. Na Príomhphrionsabail Deá-Chleachtais
6. Sainmhíniú ar Bhulaíocht
7. Saghasanna Bulaíochta
8. Comharthaí Bulaíochta
9. Rólanna agus Freagrachtaí
10. Straitéisí d'Fhonn Bulaíocht a Chosc
11. Nósanna Imeachta chun Deileáil le hEachtraí Bulaíochta
12. Straitéisí Oideachais agus Coiscithe maidir le Cibéirbulaiocht, Bulaíocht Hómafóbach agus Trasfóbach
13. Nósanna Imeachta chun Eachtra Iompair Bhulaíochta a Nótáil agus Tuairisciú Faoi
14. Clár Tacaíochta na Scoile do Pháisti a deineadh Bulaíocht orthu
15. Bord Bainistíochta
16. Tagairt do Pholasaithe eile
17. Critéir Rathúlachta
18. Maoirseacht agus Monatóireacht Éifeachtach ar Dhaltaí
19. An Ciapadh a Chosc
20. Faomhadh/Daingniú

Polasaí Frith-Bhulaíochta:

(1) Ráiteas Tosaigh

Tháinig foireann na scoile le chéile ar an 14 Mí Eanair 2014 chun athbhreithniú a dhéanamh ar an bPolasaí Frithbhulaíochta i gcomhair leis an bhfoilsiúcháin *Ghnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile (Meán Fómhair 2013).* Déantar athbhreithniú rialta ar an bpolasaí seo anois. Bunaíodh fó-choiste frithbhulaíochta I 2021/22 chun athbhreithniú a dhéanamh ar an bpolasaí seo. Cuireadh dréacht den pholasaí seo os comhair na grúpaí seo a leanas lena gcuid tuairimí a fháil agus leasaithe a dhéanamh:

- Múinteoirí
- Foireann Tacaíochta
- Daltaí (R4-R6)
- Tuismitheoirí
- Bord Bainistíochta

Déanfar athbhreithniú bliantiúil ar an bpolasaí seo.

(2) Réasúnaíocht

I gcomhréir le riachtanais an Acht Oideachais (Leas) 2000 agus na treoirlínte faoi chód iompair a d'eisigh an Bord Náisiúnta um Leas Oideachais tá an beartas frithbhulaíochta seo a leanas glactha ag Bord Bainistíochta Ghaelscoil Naomh Pádraig mar chuid de chód iompair iomlán na scoile. Géilleann an beartas go huile agus go hiomlán do riachtanais *Ghnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile* a foilsíodh i Meán Fómhair 2013.

Rinneadh athbhreithniú ar an bpolasaí reatha seo i 2014 toisc gur leagadh amach moltaí ar an bhfoilsiúcháin *Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile (2013)* agus de bharr go raibh sé in am athbhreithniú a dhéanamh air.

(3) Gaolmhaireacht le hÉiteas sainiúil na scoile

De réir éiteas agus cód iompair na scoile tá sé de cheart ag gach páiste oideachas a fháil i suíomh sábháilte, agus go n-éireoidh le gach páiste a féin-mhuinín a fhorbairt i dtimpeallacht socair a mheallann iad trí polasaí frith-bhulaíochta a chur i bhfeidhm sa scoil. Tá sé tábhachtach go mbeidh comhoibriú iomlán idir an fhoireann, tuismitheoirí agus daltaí na scoile chun an polasaí seo a chur i bhfeidhm go héifeachtach.

(4) Aidhmeanna an Pholasaí

Is mian leis an scoil na haidhmeanna seo a leanas a bhaint amach:

- **An tuiscint ar bhulaíoch**t/mhaistíneacht i measc lucht bainistíochta na scoile, múinteoirí agus an fhoireann nach mbíonn ag múineadh, daltaí agus tuismitheoirí/caomhnóirí; **gur iompar do-ghlactha í.**
- Éiteas scoile féinmheasa a chothú.
- Modhanna cosanta, seachanta a leagan amach agus a chur chun cinn ar féidir iad a úsáid nuair a thuairiscítear cásanna bulaíochta.
- Éiteas scoile a chruthú a thugann spreagadh do leanaí eachtraí bulaíochta a nochtadh agus a phlé.
- Modhanna taifeada agus tuairisciú ar bhulaíocht a leagan amach.
- Modhanna fiosrucháin agus déalála le h-eachtraí bulaíochta a leagan amach.
- Clár tacaíochta a chur i bhfeidhm dóibh siúd a bhfuil iompar bulaíochta imithe i bhfeidhm orthu agus dóibh siúd atá páirteach in iompar bulaíochta.
- Oibriú leis na gníomhaireachtaí cuí d'fhonn cur i gcoinne gach cineál bulaíochta agus iompar frith-bhulaíochta.

(5) Na Príomhphrionsabail Deá-Chleachtais

- Cultúr dearfach a bheith i réim sa scoil:
  o ina nglactar go fonnmhar le difríocht agus le héagsúlacht agus ina léirítear meas ar chuimsitheacht;
  o ina spreagtar daltaí chun iompar bulaíochta a nochtadh agus a phlé i dtimpeallacht neamhbhagrach; agus
  o ina gcuirtear caidreamh bunaithe ar mheas chun cinn ar fud pobal na scoile;
- Ceannaireacht éifeachtach;
- Cur chuige scoile uile
- Tuiscint i bpáirt faoin rud is bulaíocht ann agus faoin tionchar is féidir a bheith aige
- Feidhmiú straitéisí oideachais agus coiscthe (lena n-áirítear bearta chun feasacht a mhúscailt):

o *a chothaíonn ionbhá, meas agus athléimneacht sna daltaí; agus*
o ina dtéitear i ngleic go sainráite le cibearbhulaíocht agus le bulaíocht bunaithe ar aitheantas, lena n-áirítear bulaíocht homafóbach agus trasfóbach;

- Maoirseacht agus monatóireacht éifeachtach ar dhaltaí;
- Tacaíochtaí don fhoireann;
- Teagmhais bhulaíochta a thaifeadadh agus a imscrúdú ar shlí chomhsheasmhach agus obair leantach a dhéanamh ina dtaobh (lena n-áirítear straitéisí aitheanta idirghabhála a úsáid); agus
- Meastóireacht leanúnach ar a éifeachtaí atá an beartas frithbhulaíocht

(6) Sainmhíniú ar Bhulaíocht

I gcomhréir le ***Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile* (2013),** seo é an sainmhíniú *ar bhulaíocht:*

An rud a thuigtear le bulaíocht ná iompar diúltach neamhiarrtha, bíodh sé i bhfoirm iompar briathartha, síceolaíoch nó fisiciúil, a dhéanann duine aonair nó grúpa in aghaidh duine nó daoine eile, agus a dhéantar arís agus arís eile.

Áirítear na cineálacha iompair bhulaíochta seo a leanas ar an sainmhíniú ar bhulaíocht:
(1) duine a fhágáil as an áireamh d'aon ghnó, gabháil do chúlchaint mhailíseach agus do chineálacha eile caidrimh bhulaíochta idir dhaoine;
(2) cibearbhulaíocht; agus
(3) bulaíocht bunaithe ar aitheantas, ar nós bulaíocht homafóbach, bulaíocht chiníoch, bulaíocht bunaithe ar bhallraíocht den Lucht Siúil agus bulaíocht ar dhuine faoi mhíchumas nó ar dhuine a bhfuil riachtanais speisialta oideachais aici/aige.

Ní chuimsíonn an sainmhíniú seo ar bhulaíocht teagmhais aonraithe nó teagmhais aon uaire d'iompar diúltach d'aon turas, lena n-áirítear téacsteachtaireacht mhaslach nó goilliúnach aon uaire nó teachtaireachtaí príobháideacha eile agus ba cheart déileáil leo, mar is cuí, de réir **chód iompair** na scoile.
Ach, i bhfianaise an bheartais seo, féachfar ar theachtaireacht, íomhá nó ráiteas poiblí

goilliúnach aon uaire ar shuíomh Gréasáin líonra poiblí nó ar fhóram poiblí eile ar féidir an teachtaireacht, an íomhá nó an ráiteas sin a fheiceáil air agus/nó a bheith athráite ag daoine eile mar iompar bulaíochta.
Iompar diúltach nach n-áirítear sa sainmhíniú seo ar bhulaíocht, déileálfar leis de réir chód iompair na scoile.
Gheofar eolas breise ar na cineálacha éagsúla bulaíochta i Roinn 2 de na *Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile*

(7) Saghasanna Bulaíochta

Seo a leanas cuid de na cineálacha iompair bhulaíochta a d'fhéadfadh a bheith ann idir dhaltaí:

- **Ionsaitheacht fhisiciúil**: Áirítear air sin duine a bhrú, a shá, a bhualadh, a chiceáil, a phriocadh nó cor coise a chur ann. Bheadh trom-ionsaí fisiciúil ar áireamh anseo. Is minic a théann daltaí i mbun 'troideanna bréige', ach féadtar úsáid a bhaint astu chun ciapadh fisiciúil a dhéanamh faoi cheilt, sin nó duine a ghortú.

- **Imeaglú:** Cineál ar leith iompar bulaíochta is ea imeaglú: d'fhéadfadh sé a bheith bunaithe ar chomharthaíocht choirp ionsaitheach ina mbaintear úsáid as an nguth mar arm troda. D'fhéadfadh aghaidh a léiríonn ionsaitheacht agus/nó míghnaoi a bheith ina chúis mhór imní.

- **Aonrú/eisiamh agus caidreamh bulaíochta eile:** Tarlaíonn bulaíocht den chineál seo nuair a dhéanann cuid den rang nó an rang ar fad duine a aonrú, a eisiamh nó neamhaird a thabhair air/ uirthi d'aon ghnó. Is gnách iompar mar seo a bheith tionscanta ag duine atá ag gabháil d'iompar bulaíochta agus féadann sé a bheith deacair a bhrath. D'fhéadfadh ráitis mhaslacha a bheith á scríobh mar gheall ar an dalta seo in áiteanna poiblí, nó nótaí faoin dalta nó líníochtaí den dalta a bheith á scaipeadh nó í/é a bheith á maslú/mhaslú de chogar ach é a bheith sách ard le go gcloisfí é. Meastar go mbíonn caidreamh bulaíochta ann nuair a dhiúltaítear go leanúnach d'iarrachtaí duine caidreamh a bheith aige/aici le piaraí agus gaol a chothú leo, nó nuair a bhaintear an bonn de na hiarrachtaí sin. Bíonn rialú i gceist i gceann de na cineálacha is coitianta: “Déan seo, siúd nó eile, nó ní bheidh mé cairdiúil leat níos mó" (ráite nó intuigthe); grúpa a bhailíonn le chéile in aghaidh duine amháin (cailín nó buachaill); geáitsíocht neamhbhriathartha, cúlchaint mhailíseach; scéalta a bheith á scaipeadh mar gheall ar dhuine nó cluas bhodhar a bheith á tabhairt ar dhuine.

- **Cibearbhulaíocht:** Tá an cineál seo bulaíochta ag éirí níos coitianta agus ag athrú an t-am ar fad. Is bulaíocht é seo a chuirtear i gcrích trí theicneolaíochtaí eolais agus cumarsáide ar nós téacsteachtaireachtaí, suíomhanna líonra sóisialta, r-phost, cur teachtaireachtaí meandracha,

feidhmchláir, suíomhanna cluichíochta, seomraí comhrá agus teicneolaíochtaí eile ar líne. An cineál bulaíochta ar líne is coitianta ná teachtaireachtaí míchuí nó goilliúnacha a dhíriú ar dhuine. De bhrí go n-úsáideann an chibearbhulaíocht modhanna teicneolaíochta chun an t-iompar bulaíochta a choimeád ag imeacht agus nach gá teagmháil duine le duine, féadfaidh an chibearbhulaíocht tarlú uair ar bith (lá nó oíche). Is iomaí cineál bulaíochta is féidir a éascú tríd an gcibearbhulaíocht. Mar shampla, d'fhéadfaí téacsteachtaireachtaí homafóbacha a sheoladh chuig duine nó pictiúir a phostáil mar aon le ráitis dhiúltacha mar gheall ar ghnéasacht duine, cuma duine srl.

- **Ainmneacha maslacha a thabhairt ar dhuine:** Duine ar bith a thugann ainm maslach, goilliúnach nó náiritheach ar dhuine eile, ba cheart féachaint air sin mar iompar bulaíochta. Is minic a ndéantar tagairt do chuma fhisiciúil duine, m.sh. méid nó éadaí an duine sin, sna hainmneacha seo. D'fhéadfaí aird dhiúltach a dhíriú ar thuin chainte nó ar ghuth so-aitheanta. Is minic cumas acadúil a bheith ina chúis le hainmneacha maslacha: i gcás daoine a mheastar a bheith níos cliste ná mar is gnách agus i gcás daoine a mheastar a bheith níos laige ná mar is gnách.

- **Dochar do mhaoin:** Is féidir bulaíocht a dhíriú ar mhaoin phearsanta. I gceist ansin bheadh damáiste d'éadaí, d'fhón póca nó do ghléasanna eile, do leabhair scoile agus d'ábhar foghlama eile nó cur isteach ar thaisceadán nó ar rothar an dalta. D'fhéadfaí a bhfuil sa mhála scoile a chaitheamh amach ar an urlár. D'fhéadfaí rudaí pearsanta a bhriseadh, a loit, a ghoid nó a chur i bhfolach.

- **Sracadh:** D'fhéadfaí airgead a éileamh, faoi bhagairt uaireanta (bagairtí a chomhlíontar uaireanta mura gcuireann an dalta i dtrácht an t-airgead ar fáil nuair a iarrtar é). D'fhéadfaí iallach a chur ar dhalta maoin a ghoid ar son duine eile atá ag gabháil d'iompar bulaíochta.

(8) Comharthaí Bulaíochta

Ba cheart do gach aon ball foirne a bheith ar an airdeall do chomharthaí bulaíochta.

D'fhéadfadh na comharthaí seo a leanas a chur i bhfios go bhfuil bulaíocht á déanamh ar dhalta:

(i) Imní mar gheall ar an turas chun na scoile nó abhaile uaithi, m.sh. ag iarraidh síob ar thuismitheoir nó ag iarraidh ar thuismitheoir í/é a bhailiú, an bealach chun na scoile a athrú, bheith ag dul ar scoil/ag teacht abhaile ón scoil lasmuigh de na gnáthuaireanta;

(ii) Drogall maidir le dul ar scoil, diúltú dul ar scoil, múitseáil;

(iii) An fheidhmíocht oideachais a bheith ag dul chun donais, easpa cumais chun díriú ar an obair agus laghdú ar dhíograis agus ar spéis i gcúrsaí scoile;

(iv) Patrún de bhreoiteacht fhisiciúil, m.sh. tinnis chinn, tinnis bhoilg

(v) Athrú ar ghiúmar nó ar iompar nach féidir a mhíniú a d'fhéadfadh a bheith níos sofheicthe díreach roimh dhul ar ais ar scoil tar éis an deireadh seachtaine agus go háirithe tar éis laethanta saoire scoile

(vi) Comharthaí feiceálacha imní nó ciaptha, m.sh. caint stadach, gan a bheith páirteach i ngníomhaíochtaí, tromluí, deacrachtaí codlata, gol, athrú ar phatrúin itheacháin, caitheamh aníos, fliuchadh na leapa;

(vii) Rudaí a rá go spontáineach faoi dhaltaí nó múinteoirí, rudaí nach mbeadh súil leo ón duine sin

(viii) Maoin a bheith ar iarraidh nó damáiste déanta di

(ix) Níos mó airgid á iarraidh, nó airgead a bheith á ghoid

(x) Gortú nó ballbhrú nach féidir a mhíniú, nó éadaí stróicthe

(xi) Drogall agus/nó diúltú a rá cad é atá ag cur isteach ar an dalta

Ní gá go gciallódh na comharthaí thuas go bhfuil bulaíocht á déanamh ar dhalta ach má fheictear na comharthaí sin arís agus arís eile, nó i dteannta a chéile, ba cheart imscrúdú a dhéanamh le fáil amach cad é atá ag cur isteach ar an dalta. (Gnásanna Frith-bhulaíochta Bunscoile agus Iarbhunscoile 2013)

(9) Rólanna agus Freagrachtaí

Seo a leanas na múinteoirí ábhartha a dhéanfaidh bulaíocht a imscrúdú agus a dhéileálfaidh léi:

- Is ar an bPríomhoide a bheas an freagracht aici/aige an polasaí a chomhordú agus monatóireacht a dhéanamh air in éineacht le foireann na scoile.
- Bíonn gach múinteoir freagrach as a rang féin agus na páistí atá sa chlós nuair atá maoirseacht chlóis á dhéanamh ag an múinteoir sin sa scoil. Tá sé de dhualgas ar gach múinteoir na 'Nósanna Imeachta' atá leagtha síos sa pholasaí seo a leanúint (caibidil 11) mar chleachtais na scoile
- Beidh páistí na scoile ar an eolas faoin bpolasaí seo. Mínófar dóibh na céimeanna gur chóir a

thógaint má tá duine ag bagairt air/uirthi (Seachtain na gCarad, Am Ciorcail, Tionól). Mínófar dóibh ag an tionól agus sa seomra ranga faoin mbealach gur cóir dóibh iad fhéin a iompar agus a chur in iúl agus iad ar scoil.

- Cuirfear tuismitheoirí na scoile ar an eolas faoin bpolasaí seo agus deirtear leo cathain a mbíonn Seachtain na gCarad ar siúl sa scoil
- Ta sé de dhualgais ar an bPríomhoide go ndéantar tuairisciú don Bhoird Bainistíochta uair amháin sa téarma le cur síos ar:

  (1) líon iomlán na gcásanna bulaíochta a tuairiscíoch

  (2) deimhniú gur déileáladh le gach cás / go bhfuil an scoil ag déileáil leis

  (Gnásanna Frith-bhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile 2013)

(10) Straitéisí Idirghabhála chun Bulaíocht a Chosc

Tá córas bunaithe ag GSNP chun gach uile iarracht a dhéanamh cosc a chur ar bhulaíocht a chur i bhfeidhm:

1. ***5 - 7 gceacht idir-ghníomhach ann do dhaltaí ó Rang 2 - 6*** chun tuiscint na bpáistí a fhorbairt ar an míniú atá le bulaíocht (cibeirbhulaíocht san áireamh). Ta na ceachtanna ar fáil ar ríomhairí na scoile ar Teachershare. Moltar 2 cheacht a dhéanamh in aghaidh an téarma.

2. Athbhreithniú déanta ar na ***nósanna imeachta*** chun deileáil le hiompar bulaíochta.

3. ***Liostaí Seiceála na múinteoirí***. Bileogaí céanna curtha i bhfillteán do na múinteoirí ionas go mbeidh an leanúnachas ann.

4. ***Monatóireacht Rialta Ranga (Ranganna 1 - 6):*** leath-bhealach tríd an téarma chun fiosrú a dhéanamh ar an gceist, 'An bhfuil bulaíocht ar siúl?'. Labhróidh an múinteoir ranga leis na páistí go haonarach ar bhealach neamhfhoirmeálta. Roghnófar dáta ar leith le tabhairt faoi seo fair amháin in aghaidh an téarma

5. ***Seachtain na gCarad*** (go bliaintiúil). Tá ceachtanna leagtha amach do seo.

6. ***Am Ciorcail - (Jenny Molsley)*** - uair amháin in aghaidh na seachtaine

7. ***Ár Rialacha Órga*** (múintear na Rialacha Órga sna ranganna uilig tríd na scoile)

Na bealaí praiticiúla a úsáideann an scoil chun béim a leagan nach glacfar le haon iompar bulaíochta sa scoil ná:

- Comh-thuiscint a éascú idir baill foirne, daltaí agus tuismitheoirí maidir le céard is brí le hiompar bulaíochta.

- Úsáid a bhaint as comhthionóil chun polasaí frith-bhulaíochta na scoile a chur i gcuimhne do na daltaí
- An curaclam foirmeálta agus neamhfhoirmeálta a úsáid chun béim a leagan ar dho-ghlacthacht bulaíochta... gníomhaíochtaí amharc-ealaíona, póstaeir, drámaíocht, rólghlacadh, O.S.P.S., cluichí comhoibríocha...
- Eachtraí speisialta cosúil le Seachtain na gCarad, 'Am Ciorcail' le Jenny Mosley a bheith againn
- Bíonn maoirseacht á dhéanamh ar gach cuid den chlós súgartha ar maidin, ag amanna sosa, ag am dul abhaile agus nuair atá gníomhaíochtaí ar siúl taobh amuigh d'am scoile.
- Bíonn monatóireacht á dhéanamh ar dhorchlaí agus ar leithris.

(Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iarbhunscoile 2013: 5.2.2)

(11) Nósanna imeachta chun déileáil le heachtraí bulaíochta

Módh agus Straitéis: Réitigh agus Áthbhunú

(A) ***Ionchur an mhúinteora***

Mínóidh an múinteoir do na daltaí;

- go bhfuil a fhios againn go dtarlaíonn bulaíocht sa saol
- má aithníonn aon pháiste go bhfuil an tsaghas iompair seo ar siúl gur ghá dúinn labhairt faoi ionas gur féidir linn iarraidh ar an duine/na daoine stopadh

(B) ***Monatóireacht Rialta Ranga***

- Labhraíonn an múinteoir ranga leis na páistí go haonarach ar bhealach neamhfhoirmeálta gach leath-théarma. Déanfar seo ó Rang 1 go Rang 6 amháin.
- Iarrfar ar na daltaí a lua / insint cé go bhféadfaí bheith i mbun iompair den tsaghas seo.
- Má luatar ainm dalta(í), labhróidh an múinteoir ranga leis an dalta le fiosrú an bhfuil sé/sí i mbun iompar bulaíochta.
- Má tharlaíonn sé gur iompar bulaíochta atá i gceist, iarrfar air/uirthi geallúint a thabhairt go gcuirfear deireadh leis an saghas iompar seo i dtreo **aon** pháiste eile

(C) ***<u>An Corás Gealltanas</u>***

1. Iarrfar ar an dalta a gheallúint stop a chur leis an iompar seo. Seo a leanas an socrú má chlaítear leis an ngealltanas:

- Ní chuirfear píonós air/uirthi
- Ní dhéanfar aon teagmháil leis an bPríomhoide
- Ní rachaidh an múintear/an scoil i dteagmháil le tuismitheoirí

(Ní chuirfear aon phíonós nó mhilleán ar an dalta mar luaíocht dá gclaífear leis an ngealltanas chomh maith leis an macántacht a léirítear.

2. Má bhristear an chéad ghealltanas (NB: Leantar ar aghaidh go chéim 2 má leanann an pháiste céanna atá i mbun iompair bhulaíochta ar aghaidh leis an saghas iompair céanna is cuma má tá an iompar dírithe i dtreo páiste difriúil):

- Iarrfar ar an dalta an dara gealltanas a choinneáil
- Cuirfear an Príomhoide agus na tuismitheoirí ar an eolas faoi

(Cuirfear na tuistí agus an Príomhoide ar an eolas ach ní chuirfear aon phíonós nó mhilleán ar an dalta mar luaíocht dá gclaífear leis an ngealltanas chomh maith leis an macántacht a léirítear).

3. Má bhristear an dara gealltanas:

- Fillfear go dtí Cód Iompair na scoile

Moltar d'oidí cur chuige socair, neamhchorraithe, fadhbréiteach a chur i gcleachtadh agus iad ag déileáil le heachtraí bulaíochta a thuairiscítear faoi dhaltaí, faoi bhaill foirne nó faoi thuismitheoirí/ chaomhnóirí. Is fearr eachtraí den chineál seo a scrúdú lasmuigh den suíomh ranga d'fhonn uirísliú poiblí an íobartaigh nó an duine atá ag gabháil d'iompar bulaíochta a sheachaint. In aon eachtra bulaíochta ní mór don oide labhairt, duine ar dhuine, leis na daltaí atá páirteach ann d'fhonn teacht ar an fhírinne. Ba cheart gach agallamh a reachtáil le goilliúnacht agus le hómós do chearta an uile dhalta atá bainteach leis an eachtra. Is féidir le daltaí nach bhfuil baint pearsanta acu leis an gceist eolas úsáideach a chur ar fáil sa tslí seo, chomh maith.

(i) Agus eachtraí bulaíochta á bhfiosrú ba chóir freagraí a lorg ar na ceisteanna seo – **cad é, cén áit, cathain, cé chomh minic, cé hé/hí agus conas?** Is ceart an gnó seo a dhéanamh go socair, mar eiseamláir ar dhéileáil le coimhlint go neamhbhagrach.

(ii) Leanfaidh an oide ranga na nósanna imeachta chun deileáil le heachtraí bulaíochta atá leagtha amach sa pholasaí seo.

(iii) Is féidir le beirt oide a bheith i láthair nuair atá eachtra bulaíochta á bhfiosrú, i gcásanna tromchúiseacha ach go háirithe.

(iv) Déanfaidh an Phríomhoide a dheimhniú go bhfuil na nósanna imeachta agus na straitéisí idirghabhála á chur i bhfeidhm tríd na scoile tríd monatóireacht rialta a dhéanamh

(v) Má tá scata nó grúpa i gceist, níor mhiste labhairt le gach ball ina aonar agus ansin bualadh leis an ngrúpa iomlán. Ba chóir cuntas a lorg ó gach ball ionas go mbeidh an tré-dhearcathas ann.

(vi) Má mheastar go raibh páirt ag dalta in iompar bulaíochta, níor mhiste a shoiléiriú dó/di conas mar atá sé/sí ag briseadh an Cód Iompair agus Araíonachta agus a impiú air/uirthi an cás a mheas trí s(h)úile an íobartaigh - comhbhá.

(vii)Tar éis an agallaimh leis an oide, ní mór cuidiú le gach ball den ghrúpa déileáil leis an mbrú a bhféadfadh a bheith orthu ó baill eile an ghrúpa.

(viii) Ba chóir d'oidí a bhíonn ag iniúchadh cásanna bulaíochta cuntas scríofa a choimeád ar aon comhrá a bhí acu leo siúd a bhí páirteach iontu. Bheadh sé oiriúnach nó cabhrach freisin iarraidh air/uirthi siúd a bhí páirteach a gcuntas féin ar an eachtra a scríobh síos.

(ix) I gcásanna inar cruthaíodh gur tharla iompar bulaíochta, is ceart bualadh le tuismitheoirí / caomhnóirí. an dá pháirtí i gceist de réir mar a n-oireann. Is ceart a bhfuil beartaithe ag an scoil a dhéanamh, a mhíniú mar aon leis na cúiseannna ata leagtha amach i bpolasaí na scoile. Níor mhiste bealaí trína bhféadfaidís beartas na scoile sa chás a neartú nó tacú leis a phlé leo.

(x) Is ceart cruinnithe ar bhonn leanúnach a eagrú leis an dá pháirtí áirithe scartha ó chéile le súil go dtabharfaí le chéile iad níos déanaí ach an t-íobartach a bheith ullamh agus toilteanach chuige. D'fhéadfadh feidhm teiripeach a bheith leis seo.

Is éifeachtach go mór polasaí gníomhach scoile nuair a bhíonn sé comhtháite in atmasféar scoile a spreagann ómós, iontaoibh, cúram, cásmhaireacht agus tacaíocht do dhaoine eile. Toisc go mbunaíonn daltaí a gcuid iompair ar iompar aosaithe, ní mór do phríomhoidí agus oidí deá-shampla a léiriú agus gan mí-úsáid a bhaint as an údarás atá acu. Thairis sin, ní foláir dóibh a bheith daingean, soiléir agus seasmhach ina gcuid modhanna smachta. Is léir go bhfuil níos mó éifeacht ag baint le teicnící a bhunaítear ar spreagadh dearfach agus aitheantas seachas iad siúd atá bunaithe ar eagla agus bagairt, chun iompar inmhianaithe, dearfach a mhealladh.

(12)Straitéisí Oideachais agus Coiscithe maidir le Cibéarbulaíocht, Bulaíocht Homafóbach agus Trasfóbach

Cibéarbulaíocht

Ciallaíonn an teacht a bhíonn ag daltaí i gcoitinne ar an teicneolaíocht gur féidir bulaíocht a dhéanamh uair ar bith sa lá; d'fhéadfadh sé nach mbeadh an dalta sábháilte ar bhulaíocht sa bhaile, fiú. Le himeacht aimsire, is mó bealach atá ag daoine óga chun dul i mbun cumarsáide lena chéile i ngan fhios do dhaoine fásta agus is deacra ná riamh maoirseacht a dhéanamh ar an gcumarsáid sin. Is é nádúr na dteicneolaíochtaí gur féidir ábhar digiteach a roinnt agus a thaispeáint do lucht féachana leathan ar an toirt, nach mór, agus go bhfuil sé dodhéanta, nach mór, ábhar a scrios go buan. Is minic a dhéantar cibearbhulaíocht ag baile agus istoíche, ach féadann tionchar a bheith ag an mbulaíocht sin ar shaol na scoile.

(Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iarbhunscoile 2013)

Eagraítear ceardlainn ar frithbhulaíocht agus sábháilteacht idirlíon go bliaintiúil do ranganna 4, 5 & 6. Eagraítear ceardlann eolais ar líne do thuismitheoirí chomh maith le linn na h-ama céanna.

Bulaíocht Homafóbach agus Tras-fóbach

Tá Gaelscoil Naomh Pádraig ag feidhmiú faoi phátrúin an Árd Easpaig toisc gur Scoil Caitliceach í. De bharr seo, tá bun-éiteas na scoile seo bunaithe ar theachtaireacht agus moltaí an Eaglais Chaitliceach. I gcomhair le sin cuireann an scoil seo béim ar a bheith cuimsitheach i gcónaí is cuma cén saghas éagsúlacht atá ann, bíodh sé i bhfoirm fisiciúil, inscine, nó aitheantas idir aon duine atá mar bhall den bpobal scoile. Tabharfaidh an múinteoir ranga faoin ábhar seo a phlé de réir mar a thagann sé aníos agus deileálfar leis ar bhealach atá cuí.

Iompraíochtaí bunaithe ar Aitheantas

Lena n-áirítear aon cheann de na naoi bhforas idirdhealúcháin a luaitear sa Reachtaíocht um Chomhionannas (inscine lena n-áirítear trasinscine, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, claonadh gnéasach, reiligiún, aois, míchumas, cine agus toisc gur den Lucht Taistil iad).

Straitéisí Oideachais agus Coiscithe:

- Béim ar an gcomhbhá a fhorbairt sna páistí i ngach uile rang sa scoil.
- Am Ciorcail - Jenny Mosley
- Seachtain Frithbhulaíochta/na gCarad - Bileoga eolais ar cibéarbulaíocht, plé ranga

- Rialacha Órga - á phlé sna seomraí ranga go seachtainiúil
- An Príomhoide ag caint ag tionól na seachtaine faoi na rialacha órga atá á chur i bhfeidhm agus ar cibéarbulaíochta ó am go ham
- Béim, aitheantas agus moladh ar **mheas** a léiriú, is cuma faoi dhifríochtaí.
- Béim, aitheantas agus moladh ar **dhíograis** agus **achmhainneacht** (resilience)
- An Clár Bí Sábháilte á chur i bhfeidhm sna seomraí ranga go bliantiúil
- Múintear an Clár Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) i ranganna 5 & 6 go bliantiúil
- Múintear an Clár 'Misneach' sna seomraí ranga gach bhliain
- Rannpháirtíocht na dtuismitheoirí: ceardlann bliantiúil curtha ar fáil do thuistí na n-Ardranganna ar an gcibéarbulaíocht agus sábháilteacht idirlíne (Ranganna a 4 - 6) *Zeeko*/ *Barnardo's - cur i láthair*
- go mbeidh na páistí aireach agus níos tuiscineach faoi cad is bulaíocht ann: 'conas a dtosnaíonn bulaíocht?', ' céard é an éifeacht atá ag bulaíocht?'

<u>Iompar cuí idirlíne a chur i bhfeidhm trí:</u>

- tuiscint na bpáistí a fhorbairt agus a thraenáil ar cad atá sásúil agus inghlactha ó thaobh iad fhéin a iompar ag baint úsáid as an idirlín
- na páistí a thraenáil ar conas fanacht sábháilte ar an idirlín (ceardlann ar sábháilteacht idirlíne agus cibéarbulaíocht - Éisitheoir ó Barnardos)
- cultúr a chruthú agus a fhorbairt ionas go dtuigeann chuile páiste na céimeanna a leantar má tá aon cúis imní ann maidir le cibéarbulaíocht/ábhar neamh-chuí (*Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile, 2013)*
- Oideachais na dTuistí a fhorbairt trí cheardlainn a sholáthar agus a chur i láthair gach dara bhliain ag díriú ar (1) ról an tuiste, (2) cibéarbulaíocht agus (3) sábháilteacht idirlíon
- Go bhfuil gach duine sa scoil aireach agus tuiscineach ar na hachmhainní TFC atá ar fáil sa scoil agus muid ag tabhairt faoi straitéisí coiscithe.
- Go dtuigeann foireann na scoile conas leas a bhaint as acmhainní TFC na scoile go sábháilte

<u>(13) Nósanna Imeachta chun Eachtra Iompair Bhulaíochta a Nótáil agus Tuairisciú faoi</u>

1. Ba cóir d'oidí gach eachtra a thuairiscú, fiú más beagthábhachtach féin í, nóta a ghlacadh, é a iniúchadh agus a phlé (teimpléid chaighdeánach i bhfillteán an mhúinteora). Tá fillteán caighdeánach ag gach múinteoir ranga leis na teimpléidí céanna iontu. Cuirfear na teimpléidí seo i gcomhad na ndaltaí ag deireadh na bliana. Tá foirm ar leith ag an bPríomhoide a líonfar isteach nuair atá aon chás bulaíocht á fhiosrú. Is foirm í seo atá ar fáil mar theimpléid (agúisín

3 ar an bhfoilsiúcháin *Gnásanna Bulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile, 2013)* *Tá an t-eolas seo ar fáil do thuismitheoirí más gá.

2. Leanfar leis na nósanna imeachta atá leagtha amach sa pholasaí sei i gcaibidil 11.
3. Ba chóir lucht oibre neamhtheagaisc na scoile – rúnaithe, feighlithe, glantóirí, mar shampla – a spreagadh chun eachtraí bulaíochta a chonaic siad féin nó a luadh leo a insint do bhall cuí den fhoireann teagaisc (Príomhoide nó Leas-phríomhoide).
4. I gcás gearán a bhaineann le ball foirne, ba chóir de ghnáth iad a phlé ar dtús leis an mball foirne sin agus ansin leis an bPríomhoide, más gá. Ba cheart na nósanna imeachta a bhfuil cur síos orthu sa bhfoilseachán “Ag Obair le Chéile. Nósanna Imeachta agus Polasaithe i gcóir Caidrimh Foirne Dhearfacha” de chuid an INTO / na Comhlachtaí Bainistíochta a leanúint.
5. Pé acu a bhaineann siad le dalta nó le hoide, is ceart cásanna nach féidir a réiteach ag leibhéal na foirne a chur faoi bhráid Bhord Bainistíochta na Scoile.Is ceart cásanna a theipeann ar an mBord iad a réiteach a chur faoi bhráid na Cigireachta áitiúla.
6. Is cóir athbhreithniú a dhéanamh ar éifeacht an polasaí scoile – measúnú a dhéanamh go rialta ar an leibhéal agus ar an gcineál iompair bulaíochta a d’fhéadfadh a bheith ag tarliúnt sa scoil.
7. Má tharlaíonn sé go dtagann cúis imní maidir le caomhnú leanaí aníos agus cás bulaíochta á fhiosrú, beidh tagairt á dhéanamh ar *Acht um Thús Áite do Leanaí 2015, Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta 2017, na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017.*

(14) Clár Tacaíochta na Scoile do Pháistí a deineadh Bulaíocht orthu

- Módh/Straitéis **Athbhunú agus Réitiú** a chur i bhfeidhm mar atá leagtha amach sna nósanna imeachta i gcaibidil 11 (Corás 3 chéim)
- **Soiléiriú** conas mar atá sé/sí/siad ag briseadh an **chód iompair agus araíonachta**
- **Tacaíocht neamhfhoirmiúil** an mhúinteora agus an Phríomhoide deileáil leis an mbrú a thagann le heachtraí bulaíochta
- **Cairt Iaethiúil** - an dalta/páiste a cheistiú agus seiceáil ar dul chun cinn an dalta/pháiste trí chomhrá neamhfhoirmiúil ag trí thréimhse áirithe i rith an lae (1) i ndiaidh an chéad am clóis ar maidin, (2) i ndiaidh an dara tréimhse clóis san iarnóin agus (3) roimh dheireadh an lae.
- **Seachtain na gCarad**

(15) Bord Bainistíochta

‘Is é ról foriomlán an Bhoird Bhainistíochta a chinntiú go bhforbraítear cód iompair sa scoil … Tá dualgas ar leith ag an mBord a chinntiú go gcloítear le h-éiteas na scoile, chomh maith le freagracht

fhoriomlán polasaithe scoile', lth.15 Cód Iompair a Fhorbairt: Treoirlínte i gcomhair Scoileanna, BNLO, 2008.

- Nuair atá an polasaí curtha le chéile ag foireann na scoile, cuirfear os comhair an Bhoird Bhainistíochta é le léamh agus a phlé. Déantar athruithe más gá agus nuair a ghlacann an Bhoird leis déantar nóta de seo sna miontuairiscí. Socraítear dáta chun athbhreithniú a dhéanamh ar an bpolasaí.

- Déanann an Bord Bainistíochta deileáil le haon eachtraí tromchúiseacha de réir na gcéimeanna atá leagtha amach sa chód iompair nó lámhleabhar Rialachais do Bhunscoileanna (2019-2023).

(16) Tagairt do pholasaithe eile

Tá sé tábhachtach go bhfuil an scoil ar an eolas go bhfuil an polasaí seo a leanas i gcomhair leis na polasaithe agus pleananna seo a leanas:

- Plean an OSPS
- Cód Iompair
- Caomhnú Leanaí
- Cosaint Sonraí agus Coimeád Taifid
- Úsáid Inghlactha
- Naisc Baile / Scoile
- Cianfhoghlaim
- Sláinte & Sábháilteacht
- Riachtanais Speisialta Oideachais

(17) Critéir Rathúlachta

Ní ghlactar le bulaíocht d'aon saghas i nGaelscoil Naomh Pádraig.
Conas gur féidr éifeacht an polasaí seo a thomhas?

- *Aiseolas dearfach ó mhúinteoirí, ó thuismitheoirí agus ó dhaltaí*
- *Monatóireacht Rialta Ranga gach leath-théarma*
- *Straitéisí idirghabhála a chur i bhfeidhm tríd na scoile*
- *Monatóireacht rialta ar iompair sna seomraí ranga agus i gclós na scoile*
- *Athbhreithniú bliantiúil ar an bpolasaí*

(18) Maoirseacht agus Monatóireacht Éifeachtach ar Dhaltaí

Déanann an Bord Bainistíochta gach iarracht a dheimhniú go bhfuil beartais agus cleachtais chuí mhaoirseachta agus monatóireachta i bhfeidhm chun iompar bulaíochta a chosc agus chun deileáil leis agus chun idirghabháil luath a éascú más féidir.

(19) An Ciapadh a Chosc

Deimhníonn an Bord Bainistíochta go ndéanfaidh an scoil, de réir oibleagáidí faoin reachtaíocht chomhionannais, gach beart is indéanta go praicticiúil chun daltaí agus baill foirne a chosaint ar chiapadh gnéasach agus ar chiapadh ar aon cheann de na naoi bhforas, mar atá inscine lena n-áirítear trasinscne, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, treoshuíomh gnéasach, reiligiún, aois, míchumas, cine nó ballraíocht den Lucht Siúil.

(20) Daingniú agus Cumarsáid

Ghlac an Bord Bainistíochta leis an mbeartas seo don chéad uair, ar an **19 Bealtaine 2016.**

Dáta a cuireadh an Polasaí seo i bhfeidhm don chéad uair:
Meán Fómhair 2016

Clár ama don Athbhreithniú
Déanfar athbhreithniú bliantiúil ar an bpolasaí seo.

I gcomhair leis an imlitir 0045/2013, rinne an Bord Bainistíochta athbhreithniú ar an bpolasaí seo i Mí Dheireadh Fómhair 2022.
Daingníodh an polasaí ar 28/11/22.

Tá an beartas seo ar fáil do phearsanra na scoile, foilsíodh é ar shuíomh idirlín na scoile agus do Chumann na dTuismitheoirí. Mura bhfuil teacht ag baill ar bith de chomhphobal na scoile ar an bpolasaí seo ar suíomh idirlín na scoile, cuirfear cóip crua ar fáil ar iarratais. Cuirfear cóip den bheartas seo ar fáil don Roinn agus do phátrún na scoile má iarrtar é.

Athbhreithneoidh an Bord Bainistíochta an beartas agus a fheidhmiú uair amháin i ngach scoilbhliain. Cuirfear fógra scríofa gur athbhreithníodh beartas frithbhulaíochta na scoile ar fáil do phearsanra na scoile, foilseofar é ar shuíomh Idirlín/greasáin na scoile agus do Chumann na dTuismitheoirí. Cuirfear taifead den athbhreithniú agus a thoradh a chur ar fáil don phátrún agus don Roinn leis, má iarrtar é.

Sínithe:_____

(Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta)

Dáta:_____

Síniú:_____

(Príomhoide)

Dáta:_____

Mír Thagartha

Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile*, DES, 2013*

Help Stop Bullying Programme (Workbook and facilitator's Guide), *Daughters of Charity Child and Family Service, (2010)*

Cód Iompair a Fhorbairt: Treoirlínte i gcomhair Scoileanna, BNLO, 2008

Na cláir *Bí Aireach* agus *Misneach*

Tús Áite do Leanaí 2011 - Treoir Náisiúnta maidir le Cosaint agus Leas Páistí (2011) *An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige*

Gnásanna um Chosaint Leanaí i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna (2012)

Freagra a thabhairt do Bhulaíocht. Céad Chéimeanna do Mhúinteoirí. The Cool School Programme. Bord Sláinte an Oir-Thuaiscirt

Bulaíocht i Scoileanna a Imscrúdú agus a Réiteach. The Cool School Programme. Bord Sláinte an Oir-Thuaiscirt

Éirigh As! Céimeanna d'fhonn aghaidh a thabhairt ar Bhulaíocht. Líonra Oideachais Loch Garman. Páirtnéireacht Limistéar Loch Garman. Teileafón: 053 23994

Aonad Frith-Bhulaíochta. Coláiste na Tríonóide. An Dr. Mona O Moore.

Ag Baint Amach Iompair Dearfaigh. Treoir Phraiticiúil. Patricia Dwyer. Marino

Working Together for Positive Behaviour, Curriculum Development Unit, Mary Immaculate College, Limerick, 2006

Ag Obair le Chéile. Nósanna Imeachta agus Polasaithe i gcóir Caidrimh Foirne Dhearfacha. INTO, 2000

Imlitir 65/2011

Imlitir 20/90 ar Araíonacht

Imlitir 22/02 Nósanna Imeachta Achomhairc faoi Mhír 29 den Acht Oideachais, 1998.

Imlitir 0045/2013 Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile

Comhdhéanamh na mBord agus na Rialacha Nós Imeachta 2011; (DES) 2011.

Acht Oideachais, 1998 Mír 15 (2(d))

Acht Oideachais (Leas), 2000 Mír 23(1 -5), 24 (1-5)

Lámhleabhar do Bhaill Boird Bainistíochta. Athbhreithnithe 2011. CPSMA.

Lámhleabhar Rialachais do Bhunscoileanna (2015-2019). CPSMA/ROS.

Acht um Thús Áite do Leanaí 2015, (Roinn Oideachais agus Scileanna)

Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta 2017 (TUSLA)

Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017 (Roinn Oideachais agus Scileanna).

Aguisín 1 - <u>Gealltanas (1):</u>

Gaelscoil Naomh Pádraig

Feachtas Frithbhulaíochta

Gealltanas Iompraíochta an Dalta a hAon

Ainm an Dalta: _____ *Rang:* _____

Tuigim go bhfuil daltaí na scoile ar fad difriúil óna chéile agus gur duine aonarach mé féin ar a lán bealaí. Níor mhaith liom dá gcaithfeadh aon duine go dona liom nó dá ndéanfaidís rudaí orm a bhfágfadh mé ag mothú go diúltach fúm féin. Tá a fhios agam go bhfuil sé de cheart agam a bheith difriúil ó dhaltaí eile agus nach dtugann sé sin an ceart d'aon duine caitheamh go holc liom.

Tá a fhios agam freisin go bhfuil sé de cheart meas a bheith agam ar gach dalta eile. Tá sé mícheart caitheamh ar aon duine ar bhealach ar bith eile. Geallaim go mbeidh meas agam ar na daltaí go léir amach anseo, fiú muna cara liom iad.

Beidh meas agam ar _____

_____

_____

_____

_____

_____

<u>Ainm</u>: Dalta: _____ Dáta: ___/___/___

Múinteoir: _____

Aguisín 2: Gealltanas (2):

Gaelscoil Naomh Pádraig
Feachtas Frithbhulaíochta

Gealltanas Iompraíochta an Dalta a Dó

Ainm an Dalta: _____ *Rang:* _____

Tuigim go bhfuilim tar éis mo 'Chéad Ghealltanas Iompair' a bhriseadh. Toisc go bhfuil mo ghealltanas briste agam, beidh mo mhúinteóir ag insint an scéil don Phríomhoide agus do mo thuismitheoirí.

Tuigim go bhfuil seans amháin eile agam chun an iompar seo a athrú. Tá a fhios agam go bhfuil sé de cheart agam meas a bheith agam ar dhaoine eile agus má léirím an iompar seo, ní bheidh aon ghá labhairt faoi seo arís. Muna bhfuilim ag léiriú meas ar dhaoine eile, beidh ar an bpríomhoide filleadh ar ais go dtí Cód Iompair na Scoile.

Tá a fhios agam freisin go bhfuil sé de cheart meas a léiriú do gach dalta eile. Tá sé mícheart caitheamh ar aon duine ar bhealach ar bith eile. Geallaim go mbeidh meas agam ar na daltaí go léir amach anseo, fiú muna cara liom iad.

Beidh meas agam ar _____

_____

_____

_____

_____

_____

Ainm: Dalta: _____ Dáta: ___/___/___

Múinteoir: _____

Tuismitheoir nó Caomhnóir:_____

Aguisín 3: Teimpléid chun iompar bulaíochta a thaifeadadh (Gaeilge)

Aguisín 3 Teimpléad chun iompar bulaíochta a thaifeadadh

1. Ainm an dalta a bhfuil bulaíocht á déanamh air/uirthi agus a rang-ghrúpa

Ainm _____ Rang _____

2. Ainm(neacha) agus rang(anna) an dalta/na ndaltaí atá ag gabháil d'iompar bulaíochta

_____
_____
_____

3. An t-iompar is ábhar buartha/imní (tíceáil an bosca/na boscaí ceart(a)*

An dalta i dtrácht	
Dalta eile	
Tuismitheoir	
Múinteoir	
Eile	

4. An áit ar tharla an teagmhas/na teagmhais (tíceáil an bosca/na boscaí ceart(a)*

Clós	
Seomra ranga	
Dorchla/pasáiste	
Leithris	
Bus Scoile	
Eile	

5. Ainm an té/na ndaoine a thuairiscigh an t-údar imní bulaíochta

_____

6. Cineál an iompair bhulaíochta (tíceáil an bosca/na boscaí ceart(a)*

Ionsaitheacht Fhisiciúil		Cibearbhulaíocht	
Dochar do mhaoin		Imeaglú	
Aonrú/Eisiamh		Cúlchaint mhailiseach	
Ainmneacha maslacha a thabhairt ar dhaine:		Eile (tabhair do thuairim)	

7. I gcás iompair a bhféachtar air mar bhulaíocht bunaithe ar aitheantas, tabhair an chatagóir lena mbaineann:

Homafóbach	Michumas/bainteach le rlachtanais speisialta oideachais	Cinioch	Ballraíocht den Lucht Siúil	Eile (sonraigh)

8. Cur síos gairid ar an iompar bulaíochta agus ar a thionchar

_____

9. Sonraí na mbeart a rinneadh

_____

Sínithe _____ (Múinteoir Ábhartha) Dáta _____

An Dáta a cuireadh é ar aghaidh chuig an bPríomhoide/Leas-Phríomhoide
*** Nóta:** Catagóirí molta is ea na catagóirí i dtáblaí 3, 4 & 6 agus féadfaidh scoileanna iad a leasú nó catagóirí eile a chur leo.

Appendix 4 Prevention/Awareness-Raising Exercises

from the *Anti-Bullying Campaign* – Fostering Friendship, Kindness and Respect for Junior and Senior Infants and First Class (Age 4-7 years)

An Outline of Primary Strand 1 - Tools for Raising Awareness

Age 4-7 Years – Developing a Culture of Friendship, Kindness and Respect

Before addressing the bullying issue in Second Class (age 7-8)

children should ideally have done all of the positive exercises below during the previous three school years

Junior Infants (Age 4-5):

Exercise 1.0.01 Board Game for Dice – Friendship, Kindness & Respect 1
Exercise 1.0.02 **"Sesame Street - What Is A Friend"** – Video and Questions for Teacher to Ask
Exercise 1.0.03 **"Sesame Street - Because We're Friends"** – Video and Questions for Teacher to Ask
Exercise 1.0.04 **"Sesame Street - I Am Your Friend"** – Video and Questions for Teacher to Ask
Exercise 1.0.05 **"Grumpy Tree Story"** – Video and Questions for Teacher to Ask
Exercise 1.0.06 **"Sesame Street - Looking For A Friend"** – Video and Questions for Teacher to Ask
Exercise 1.0.07 **"Colour Your World With Kindness"** – Video and Questions for Teacher to Ask
Exercise 1.0.08 **"Respect Explained"** – Video and Questions for Teacher to Ask
Exercise 1.0.09 **"Sesame Street - Respect"** – Video and Questions for Teacher to Ask

Senior Infants (Age 5-6):

Exercise 1.0.11 Board Game for Dice – Friendship, Kindness & Respect 2
Exercise 1.0.12 **"Sesame Street - Get Along Together"** - Video and Questions for Teacher to Ask
Exercise 1.0.13 **"A Random Act of Kindness**" – Video and Questions for Teacher to Ask
Exercise 1.0.14 **"Be Responsible, Safe, Respectful Song"** – Video and Questions for Teacher to Ask
Exercise 1.0.15 **"Simple Act of Kindness Creates Endless Ripple"** – Video and Questions for Teacher to Ask
Exercise 1.0.16 **"Respect"** – Video and Questions for Teacher to Ask
Exercise 1.0.17 **"Respect Song Video - Classroom Mix Version"** – Video and Questions for Teacher to Ask
Exercise 1.0.18 **"Kindness Rhyme For Kids - You Are Amazing"** – Video and Questions for Teacher to Ask
Exercise 1.0.19 **"Kindness Changes Everything"** – Video and Questions for Teacher to Ask

First Class (Age 6-7):

Exercise 1.1.01 Board Game for Dice – Friendship, Kindness & Respect 3
Exercise 1.1.02 **"Kid's Guide - Getting Along With Classmates"** – Video and Questions for Teacher to Ask
Exercise 1.1.03 **"Inspirational Video – Pay it Forward" –** Video and Questions for Teacher to Ask
Exercise 1.1.04 **"Life Lessons sharing and respecting others"** – Video and Questions for Teacher to Ask
Exercise 1.1.05 **"Kids For Character: Respect"** – Video and Questions for Teacher to Ask
Exercise 1.1.06 **"Kindness Speech by 10 Year Old Girl"** – Video and Questions for Teacher to Ask
Exercise 1.1.07 **"Yes, That's Bullying"** – Video and Questions for Teacher to Ask
Exercise 1.1.08 **"Stand Up~ Bullying Commercial"** – Video and Questions for Teacher to Ask
Exercise 1.1.09 **"Bully-Free Zone! Song"** – Video and Questions for Teacher to Ask

Junior Infants (Age 4-5):

Exercise 1.0.01 Board Game for Dice – Friendship, Kindness & Respect 1
Exercise 1.0.02 **"Sesame Street - What Is A Friend"** – Video and Questions for Teacher to Ask
Exercise 1.0.03 **"Sesame Street - Because We're Friends"** – Video and Questions for Teacher to Ask
Exercise 1.0.04 **"Sesame Street - I Am Your Friend"** – Video and Questions for Teacher to Ask
Exercise 1.0.05 **"Grumpy Tree Story"** – Video and Questions for Teacher to Ask
Exercise 1.0.06 **"Sesame Street - Looking For A Friend"** – Video and Questions for Teacher to Ask
Exercise 1.0.07 **"Colour Your World With Kindness"** – Video and Questions for Teacher to Ask
Exercise 1.0.08 **"Respect Explained"** – Video and Questions for Teacher to Ask
Exercise 1.0.09 **"Sesame Street - Respect"** – Video and Questions for Teacher to Ask

Senior Infants (Age 5-6):